2021.M59T

2021L034A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta 2021

# Eacnamaíocht

## Ardleibhéal

Dé hAoine 25 Meitheamh     Maidin 9:30 – 12:00

300 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Mar shampla, cuirtear 3 Feabhra isteach mar 0302

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2021 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

Tá 300 marc ag gabháil leis an scrúdú seo.

**Roinn A**: 75 marc
Freagair **5** gceist as **10** gceist sa roinn seo.

Tá 15 marc ag gabháil le gach ceist sa roinn seo.

**Roinn B**: 225 marc.
Freagair **3** cheist as **6** cheist.

Tá 75 marc ag gabháil le gach ceist sa roinn seo.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh an obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus cuirfear do chuid oibre i láthair scrúdaitheora ar scáileán. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhann tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Is ceadmhach áireamháin a úsáid.


Scríobh déanamh agus múnla d'áireamháin anseo:

| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra | 75 Marc |
|---|---|---|

**Freagair 5 gceist as 10 gceist**

**Ceist 1**

**(a)** Ríomh comhardú na trádála le haghaidh na tréimhse 2015 – 2019.
Cuir in iúl cé acu barrachas **nó** easnamh é.




Arna chur in oiriúint ón POS

| Obair: |
|---|
| Freagra: |

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a bhfuil sé mar aidhm ag rialtas na hÉireann barrachas trádála a bhaint amach.

| 1. |
|---|
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |


**Ceist 2**

Roghnaigh, agus tic (✓) á úsáid agat, cé acu ráiteas normatach nó ráiteas dearfach é gach ceann de na ráitis seo a leanas.

| Ráiteas | Ráiteas Dearfach | Ráiteas Normatach |
|---|---|---|
| Má dhéanann rialtas na hÉireann méadú 5% ar an liúntas do lucht cuardaigh fostaíochta i gcáinaisnéis 2022, tiocfaidh méadú 2% ar a laghad ar an dífhostaíocht in Éirinn faoi 2023. | | |
| Caithfimid níos mó a dhéanamh dóibh siúd nach bhfuil go maith as sa sochaí. | | |
| Bá chóir don rialtas méadú níos mó ná €0.10 a dhéanamh ar shochar dífhostaíochta i mbliana. | | |
| Tháinig laghdú ar dhíolacháin carranna nua in Éirinn in 2020. | | |

**Ceist 3**

Sa tábla thíos taispeántar an praghas atá ar shíntiús bunúsach Netflix i dtíortha difriúla.
(Tiontaíodh na praghsanna ina $ Stáit Aontaithe Mheiriceá chun críche comparáide)




Arna chur in oiriúint ó Statista

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a bhfuil **tomhaltóirí** toilteanach praghsanna difriúla a íoc ar shíntiús Netflix i dtíortha difriúla.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(b)** Seachas an freagra a thug tú i bpáirt **(a)**, tabhair míniú ar dhá choinníoll eile a bheadh riachtanach ionas go bhféadfaí idirdhealú praghsanna a bheith ann i gcás mar seo.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**Ceist 4**

I gcáinaisnéis 2021, ardaíodh an praghas ar phacáiste 20 toitín ó €13.50 go €14.00.
Rangaítear toitíní mar 'Earraí Míthuillteanais' agus ar an ábhar sin is ionann agus cliseadh margaidh iad a cheannach.

**(a)** Tabhair míniú ar an tuiscint atá agat ar an téarma eacnamaíochta **Earraí Míthuillteanais**.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Freagair (b) nó (c)**

**(b)** Mínigh cén fáth a n-amharctar ar cheannach earraí míthuillteanais, fearacht toitíní, mar chliseadh margaidh.

**NÓ**

**(c)** Mínigh cén fáth a ndéanann rialtas na hÉireann idirghabháil agus cánacha níos airde a ghearradh ar thoitíní sa cháinaisnéis.

**Ceist 5**

Ghearr Banc Ceannais na hÉireann fíneáil €18.3 milliún ar KBC Banc Éireann i ngeall ar an ról a bhí aige i scannal na morgáistí rianúcháin.

Arna chur in oiriúint ó The Irish Times

**(a)** Bunaithe ar an ráiteas thuas, tabhair breac-chuntas ar an bhfáth a bhfuil sé tábhachtach do **thomhaltóirí** go mbeadh na bainc in Éirinn á rialú mar is ceart ag Banc Ceannais na hÉireann.

**(b)** Seachas na bainc thráchtála a rialú, tabhair breac-chuntas ar dhá **dhualgas** eile atá ar Bhanc Ceannais na hÉireann.

1.

2.

**Ceist 6**

**(a)** Mínigh cén fáth a bhféadfadh an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD; *HDI sa Bhéarla*) próifíl níos cruinne de leas na ndaoine i dtír a thabhairt ná figiúr an Olltáirgeacht Náisiúnta (OTI; *GDP sa Bhéarla*) sa tír sin.

**Freagair (b) nó (c)**

Baineadh na sonraí thíos as IFD 2020.

| Rang | Tír | Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) (an luach) | Ionchas saoil tráth breithe (ina bhlianta) SDG 3 | Meánbhlianta scolaíochta (ina mblianta) SDG 4.6 | Oll-Ioncam náisiúnta (OIN) per capita (PCC $) SDG 8.5 |
|---|---|---|---|---|---|
| 187 | **Sead** | **0.398** | **54.2** | **2.5** | **1,555** |
| 188 | **Poblacht na hAfraice Láir** | **0.397** | **53.3** | **4.3** | **993** |
| 189 | **An Nígir** | **0.394** | **62.4** | **2.1** | **1,201** |


Arna chur in oiriúint ó www.hdr.undp.org

**(b)** Agus tú ag baint úsáid as na sonraí thuas, cuir comhairle ar **rialtais na dtíortha** seo faoi pholasaí **amháin** a bhféadfaidís leas a bhaint as chun a rangú IFD a fheabhsú.

**NÓ**

**(c)** Cuir comhairle ar **rialtas na hÉireann** faoin dóigh a bhféadfadh sé cuidiú leis na tíortha seo a rangú IFD a fheabhsú.

**Ceist 7**
Léirítear Staitisticí Airgeadais an Rialtais do 2019 ar an léaráid thíos.




Arna chur in oiriúint ón POS

**(a)** Déan comparáid idir leibhéal Oll-fhiachas an Duine in 2007 agus in 2019, agus tabhair breac-chuntas ar chúis fhéideartha **amháin** leis an méadú ar an oll bhfiachas an duine.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Freagair (b) nó (c)**

**(b)** Mínigh na **míbhuntáistí** eacnamaíochta do rialtas a ghabhann le barrachas buiséid a bhaint amach.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**NÓ**

**(c)** Cruthaíonn fónamh don fhiachas náisiúnta **deischostais** mínigh conas a tharlaíonn é seo.

**Ceist 8**

Caitheann Seán a ioncam i gcónaí sa chóimheas praghas le háirgiúlacht imeallach seo a leanas:

$$\frac{\text{ÁIx}}{\text{Px}} = \frac{2500}{200} = \frac{\text{ÁIy}}{\text{Py}} = \frac{1250}{100} = \frac{\text{ÁIz}}{\text{Pz}} = \frac{75}{?}$$

Nóta: ÁI = MU

**(a)** Ríomh an praghas a bheadh Seán toilteanach a íoc ar aonad amháin d’earra Z.
Déan do chuid ríomhaireachta sa bhosca thíos.

| Obair: |
| --- |
| Freagra: |

**(b)** Mínigh cén fáth a n-íocfadh Seán an praghas seo.

**Ceist 9**

**(a)** Ainmnigh an struchtúr margaidh a chomhfhreagraíonn do gach ceann de na táirgí/gnólachtaí seo a leanas.


| | Táirge / Gnólacht | Struchtúr Margaidh |
|---|---|---|
| **A** | Earnáil na baincéireachta in Éirinn | |
| **B** | Uisce Éireann (an chuideachta) | |
| **C** | Siopa bia beir leat | |

**(b)** Tabhair fáth **amháin** le gach ceann de na struchtúir mhargaidh a d'ainmnigh tú thuas.

| |
|---|
| A. |
| |
| |
| B. |
| |
| |
| C. |
| |
| |

**Ceist 10**

Léirítear ar an ngraf thíos an luainiú i Ráta Seasta an Bhainc Cheannais Eorpaigh mar a bhí i mBealtaine 2020.




Arna chur in oiriúint ó Statista

**(a)** Mínigh an fáth stairiúil atá leis an treocht seo i ráta úis an Bhainc Cheannais Eorpaigh.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar cé acu a chomhairleofá don Bhanc Ceannais Eorpach an ráta úis reatha, 0%, **a ardú, a ísliú** nó **a choinneáil mar atá sé**. Cosain do rogha.

Freagra:


Cosaint:

| Roinn B | Ceisteanna Fadfhreagra | 225 marc |
|---|---|---|

**Freagair 3 cheist as 6 cheist**

**Ceist 11**

Taispeántar sa léaráid thíos na sciartha de Mhargadh Aerárthaí an Domhain in 2018.




Arna chur in oiriúint ó Thionscal agus Taighde.com


**(a)** **(i)** Agus úsáid á baint agat as na sonraí atá curtha ar fáil thuas, ríomh Innéacs Herfindahl Hirschman (HHI) do Mhargadh Aerárthaí an Domhain in 2018.

| Obair: |
|---|
| Freagra: |

**(ii)** An bhfuil an margadh seo **iomaíoch**, **comhchruinnithe go measartha** nó **comhchruinnithe go mór**, dar leat? Mínigh do fhreagra.

| |
|---|
| Freagra: |
| Míniú: |
| |
| |
| |

**(b)** Sa léaráid thíos, léirítear cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta atá in Olagaplacht ag pointe C, ag táirgeadh ag $\mathbf{C_1}$ agus ag díol ag $\mathbf{P_1}$.




**(i)** Scríobh an lipéad iomlán (ní an giorrúchán) le haghaidh gach ceann de na línte atá uimhrithe ó 1 go 4.

| Uimhir | Lipéad |
|---|---|
| **1.** | |
| **2.** | |
| **3.** | |
| **4.** | |

**(ii)** An gcomhairleofá don ghnólacht thuas a bheith páirteach in iomaíocht praghsanna? Tabhair dhá chúis le do fhreagra.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a bhféadfadh gnólachtaí beaga mar Embraer agus Bombardier fanacht i mbun gnó sa mhargadh seo.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |

**(c)** In 2019 thosaigh Boeing agus Embraer cainteanna faoi chumasc féideartha. Dá ndéanfaí cumasc idir Boeing and Embraer is dócha go mbainfidís tairbhe as **Barainneachtaí Scála Inmheánacha**.

**(i)** Sainmhínigh Barainneachtaí Scála Inmheánacha**.**

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na barainneachtaí scála inmheánacha a d'fheadfadh teacht chun cinn do Boeing agus Embraer dá ndéanfaí an cumasc seo.

**75 marc**

**Ceist 12**

**(a) (i)** Mínigh an téarma **domhandú**.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí dhearfacha **agus** ar dhá shlí dhiúltacha a dtéann an domhandú i bhfeidhm.

| |
|---|
| **Dearfach:** |
| 1. |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| **Diúltach:** |
| 1. |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |

**(b)** I gcáinaisnéis 2020, dhearbhaigh an tAire Airgeadais athuair tiomantas na hÉireann do ráta 12.5% sa cháin chorparáide.

**(i)** Déan measúnú ar dhá chúis a ndearna an tAire Airgeadais an cinneadh seo.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Arís agus arís eile dhiúltaigh rialtas na hÉireann do ghlaonna ón gCoimisiún Eorpach atá ag iarraidh an chumhacht a bhaint d'Éirinn a ráta féin de cháin chorparáide a shocrú. Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a bhfuil an Coimisiún Eorpach ag **iarraidh an chumhacht seo a bhaint** de rialtas na hÉireann.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** D'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach ar an 31 Eanáir, 2020.

**(i)** Déan plé ar dhá impleacht do gheilleagar na hÉireann a ghabhann leis an imeacht seo.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar dhá **bhuntáiste** a d'fhéadfadh a bheith ag Éirinn as fanacht mar bhall den AE.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |


**75 marc**

**Ceist 13**

Bhí ganntanas den chonsól cluichí, an Playstation 5 (PS5), ann roimh Nollaig 2020 agus ba gheall le tromluí dá lán tomhaltóirí é.

Arna chur in oiriúint ó Forbes

**(a)** **(i)** Comhlánaigh an léaráid thíos chun a chur in iúl cén dóigh a dtarlaíonn ró-éileamh sa mhargadh seo. (***Nóta**: Ba é €500 an praghas miondíola ar chonsól cluichí Playstation 5)



**(ii)** Ón léaráid thuas, mínigh an dóigh a dtarlaíonn ró-éileamh.

**(b)** Cuireann miondíoltóirí teicneolaíochta lucht siopadóireachta ar míthreoir lena gcuid 'margaí' ar an Aoine Dhubh. Léiríodh i suirbhé a rinneadh 'roimhe agus ina dhiaidh' nár tugadh an lascaine ar a lán táirgí a bhíothas a mhaíomh.

Arna chur in oiriúint ó Irish Independent

**(i)** Mínigh **an dóigh** arb ionann agus cliseadh margaidh an mhífhaisnéis seo a thugann miondíoltóirí teicneolaíochta do thomhaltóirí.

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Déan measúnú **cén dóigh** a bhféadfaí dul i ngleic leis an gcliseadh margaidh seo dá ndéanfadh an rialtas idirghabháil sa mhargadh.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(iii)** Mínigh, agus tú ag tabhairt sampla, **buntáiste amháin** a ghabhann le rialúchán ag an rialtas.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** **(i)** Thit praghas na gcluasán, Apple Airpods, ar líne ó €160 go €125.
Méadaíodh ar an gcainníocht a éilíodh ó 10,000 aonad go 15,000 aonad.
Ríomh **Praghasleaisteachas an Éilimh** (PED) ar Apple Airpods.

| Obair: |
| --- |
| Freagra: |

**(ii)** Bunaithe ar an bhfigiúr a ríomh tú in **(i)** thuas, luaigh cé acu leaisteach **nó** neamhleaisteach atá an t-éileamh ar Apple Airpods? Tabhair fáth le do fhreagra.

| Freagra: |
| --- |
| Fáth: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(iii)** Má tá gnólacht a dhíolann an táirge thuasluaite ag brath a ioncam ó dhíolacháin an táirge a uasmhéadú, ar chóir dó an praghas **a mhéadú**, **a laghdú** nó **a choinneáil mar an gcéanna**?


Mínigh do fhreagra.

| Freagra: |
|---|
| Míniú: |
| |
| |
| |
| |

**75 marc**

**Ceist 14**

Sa ghraf thíos taispeántar an meánráta boilscithe sna Treoiruimhreacha Comhchuibhithe ar Phraghsanna Tomhaltóirí (TCPT; *HICP sa Bhéarla*) in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus i Limistéar an euro in 2014 – 2019.




Arna chur in oiriúint ó Eurostat – Scórchárta Chomhairle Iomaíochais na hÉireann

**(a)** **(i)** Déan anailís ar an treocht ar ráta boilscithe na hÉireann i gcoibhneas leis an ráta sa Ríocht Aontaithe agus i Limistéar an euro ó 2014 go 2019.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na **buntáistí** a d'fhéadfadh a bheith ag tír na hÉireann as an ráta boilscithe is ísle sna limistéir seo a choinneáil le linn na tréimhse seo.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar dhá **mhíbhuntáiste** do shaoránaigh na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ag baint le ráta íseal boilscithe in Éirinn.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Mínigh modh **amháin** a d'fhéadfadh an rialtas a úsáid le dul i ngleic leis an mboilsciú agus é ag ardú.

**(c)** **(i)** Sainmhínigh prionsabal an **bhuntáiste chomparáidigh**.

**(ii)** Tá infheistíocht leanúnach chaipitil i bPlean Náisiúnta an Bhanda Leathain in Éirinn ar na moltaí atá déanta ag an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais do 2020.

Arna chur in oiriúint ó Scórchárta Iomaíochais na hÉireann 2020

Pléigh an tábhacht **d'iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann** a bhaineann leis an moladh seo.

Ar lean ar an gcéad leathanach eile ⟶

**(iii)** Roghnaigh dhá réimse eile ar chóir do rialtas na hÉireann díriú orthu chun a iomaíochas idirnáisiúnta a mhéadú.
Cosain do fhreagra i n**gach** cás.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**75 marc**

**Ceist 15**


**(a)** Cé acu miosúr acu seo is cruinne a léiríonn **leas eacnamaíochta na hÉireann**, an Olltáirgeacht Intíre (OTI; *GDP sa Bhéarla*) nó an Oll-Ioncam Náisiúnta (OIN; *GNI sa Bhéarla*)?

Cosain do fhreagra.

| |
|---|
| Freagra: |
| Cosaint: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b) (i)** Sainmhínigh an téarma **cúlú eacnamaíochta**.

**(ii)** Bunaithe ar an dá roinn aibhsithe den ghraf thíos, sainaithin na blianta ina raibh Éire **agus** Stáit Aontaithe Mheiriceá i gcúlú eacnamaíochta. Mínigh do fhreagra.




Arna chur in oiriúint ó Statbank

Blianta:

Miniú:

**(iii)** Maidir le OIN, cén fáth a bhfuil sé tábhachtach miosúr **per capita** a úsáid le comparáid a dhéanamh idir thíortha.

**(c) (i)** Mínigh an téarma **iolraitheoir**.

**(ii)** Glac leis gurb ionann MPM agus 0.25, gurb ionann MPC agus 0.65 agus gurb ionann MPT agus 0.10. Ríomh an t-iolraitheoir.
Taispeáin do chuid oibre.

Obair:


Freagra:

**(iii)** Pléigh dhá éifeacht **dhiúltach** iolraitheora a d’fhéadfadh teacht chun cinn nuair a tharraing corparáidí móra mar Google siar as réadmhaoin a ghlacadh ar cíos i gcathair Bhaile Átha Cliath le linn na bliana 2020.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**75 marc**

**Ceist 16**
Taispeántar sa léaráid thíos na bpaisinéirí a láimhseáil príomh-aerfoirt na hÉireann le linn Ráithe 2 ó 2017 go 2020.




Arna chur in oiriúint ón POS

**(a)** **(i)** Agus úsáid á baint agat as na sonraí atá curtha ar fáil thuas, déan anailís ar an treocht líon na bpaisinéirí a láimhseáil príomh-aerfoirt na hÉireann idir 2017 agus 2020.

| Anailís an treocht: |
|---|
| |
| |
| |
| |


**(ii)** Deirtear gur **éileamh díorthaithe** é an t-éileamh ar an saothar.
Mínigh an ráiteas seo i gcomhthéacs shonraí na heitlíochta thuas.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar dhá impleacht **diúltacha** don fhostaíocht i ngeilleagar na hÉireann a bhaineann leis an titim seo ar líon na bpaisinéirí aerthaistil.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Sa léaráid thíos taispeántar an t-íosráta náisiúnta pá in Éirinn idir 2016 agus 2021.




Arna chur in oiriúint ón POS

**(i)** Ríomh an méadú céatadánach ar an íosráta pá idir 2016 agus 2021.

| |
|---|
| Obair: |
| Freagra: |

**(ii)** Mínigh ar chúis shóisialta **amháin** agus ar chúis eacnamaíochta **amháin** a ndearna rialtas na hÉireann méadú seasta ar an íosphá.

| Cúis shóisialta: |
|---|
| |
| |
| |
| Cúis eacnamaíochta: |
| |
| |
| |

**(c)** Tá méadú 87% tagtha ar líon na dteaghlach gan dídean (in Éirinn) ó Mheitheamh 2015.

Arna chur in oiriúint ó Focus Ireland

**(i)** Pléigh dhá chúis leis an **méadú** ar líon na ndaoine gan dídean in Éirinn.

| 1. |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar dhá bheart eacnamaíochta, **seachas tithíocht shóisialta**, a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh chun cuidiú le líon na dteaghlach gan dídean in Éirinn a laghdú.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |

**(iii)** I gcáinaisnéis 2020 d'fhógair an tAire Caiteachais Phoiblí maoiniú le 9,500 aonad tithíochta sóisialta a thógáil. Arna chur in oiriúint ó RTÉ

Mínigh cén fáth ar féidir gur bhain an Roinn Chaiteachais Phoiblí úsáid as **anailís costais agus tairbhe** sular chinn siad ar an gcaiteachas seo ar aonaid tithíochta shóisialta.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**75 marc**

**Leathanach Breise Roghnach**
**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus cuid gach ceiste atá á freagairt.**

**Leathanach Breise Roghnach**
**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus cuid gach ceiste atá á freagairt.**

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, (2000)*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Eacnamaíocht

Dé hAoine 25 Meitheamh

Maidin 9:30 – 12:00